Parlaimint na hEorpa
2024 - 2029

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2023/0158(CNS)

13.6.2025

*

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an dréacht-treoir ón gComhairle leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc
(08710/2025 – C10-0084/2025 – 2023/0158(CNS))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Ľudovít Ódor

(Comhairliúchán athnuaite – Riail 86 de na Rialacha Nós Imeachta)

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréacht-treoir ón gComhairle leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc
(08710/2025 – C10-0084/2025 – 2023/0158(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán athnuaite)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréacht ón gComhairle (08710/2025),

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2023)0262),

– ag féachaint dá seasamh an 22 Samhain 2023[1],

– ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís (C10-0084/2025),

– ag féachaint do Rialacha 84 agus 86 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0000/2025),

1. ag formheas an dréachta ón gComhairle;

2. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle leis an bParlaimint arís má tá sé ar intinn aici an dréacht a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, C/2024/4246, 24.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4246/oj.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 8 Nollaig 2022, thíolaic an Coimisiún an pacáiste 'CBL sa ré dhigiteach' (ViDA) ina raibh trí thogra:

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach;
- togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach;
- togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna CBL áirithe

Leis an bpacáiste, forbraíodh plean gníomhaíochta inar leagadh béim ar an ngá atá le machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an teicneolaíocht a úsáid sa chomhrac i gcoinne calaois chánach agus ar an gcaoi a bhféadfaí na rialacha CBL atá ann faoi láthair san Aontas Eorpach a oiriúnú chun gnó a dhéanamh sa ré dhigiteach. Is iad seo a leanas na trí athrú atá beartaithe chun CBL a chur in oiriúint don ré dhigiteach:

i) córas nua tuairiscithe dhigitigh fíor-ama bunaithe ar ríomhshonrascadh,

(ii) Nuashonrú ar na rialacha CBL don gheilleagar ardán agus

(iii) clárú aonair CBL do ghnólachtaí a bhíonn ag díol le tomhaltóirí san Aontas.

Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus thug sí a tuairim uaithi maidir leis na tograí reachtacha sin an 22 Samhain 2023. I mí Eanáir 2025, chuathas i gcomhairle an athuair leis an bParlaimint maidir leis an dréacht-treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach. Bhí an t-athchomhairliúchán sin nasctha leis an gcóras soláthróirí measta a bhí ina phointe suntasach conspóide laistigh den Chomhairle, rud a d'fhág go raibh sé thar a bheith dúshlánach teacht ar chomhréiteach deiridh (A10-0001/2025).

Téitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa den dara huair anois ar an gcúis seo a leanas.

Bhí togra i bpacáiste bunaidh VIDA chun an t-ionad ilfhreastail allmhairiúcháin (IOSS) a dhéanamh éigeantach. Dhiúltaigh na Ballstáit dó, áfach. An togra malartach chun úsáid IOSS a spreagadh trí sholáthróirí agus ardáin a chur faoi dhliteanas i leith CBL ar allmhairí mura n-úsáideann siad IOSS, ní raibh sé aibí go leor chun go n-áireofaí é i bpacáiste VIDA, a ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2025.

I mí na Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún pacáiste tograí chun Cód Custaim an Aontais a athchóiriú, go háirithe chun deireadh a chur leis an tairseach EUR 150 le haghaidh díolúine ó dhleachtanna custaim agus CBL ar allmhairí.

I samhradh 2024, cuireadh na forálacha chun úsáid IOSS a dhreasú leis na tograí ón gCoimisiún chun Cód Custaim an Aontais a athchóiriú i bhfianaise na bainte atá acu leis na rialacha custaim. Mhol Uachtaránacht na Polainne na forálacha sin a dheighilt chun úsáid

IOSS a dhreasú, a mheastar a bheith aibí go leor, ón togra custaim agus chun teacht ar chomhaontú maidir leo ar leithligh. Ghlac na toscaireachtaí leis sin.

Ag ECOFIN an 13 Bealtaine 2025, chomhaontaigh an Chomhairle na forálacha a ionchorprú chun úsáid IOSS a dhreasú sa Treoir maidir le CBL, lena gcuirtear soláthróirí agus ardáin faoi dhliteanas i leith CBL ar allmhairí mura n-úsáideann siad IOSS.

I dtuairim uaithi an 22 Samhain 2023, mhol Parlaimint na hEorpa gur cheart do IOSSanna feidhmiú go trédhearcach agus go slán. Thairis sin, chuir sí i dtábhacht freisin go gcabhródh cur chuige aontaithe idir IOSS, ar thaobh amháin, agus reachtaíocht agus cleachtas custaim, ar an taobh eile, le deireadh a chur le neamhréireachtaí, earráidí agus cánachas dúbailte. Thairis sin, leag Parlaimint na hEorpa béim ar an ngá atá ann an t-ualach riaracháin ar FBManna a theorannú. Ina theannta sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le IOSS a dhéanamh éigeantach.

Dá bhrí sin, i bhfianaise an mhéid thuas, tá an Rapóirtéir den tuairim gurb é nós imeachta simplithe gan leasuithe an nós imeachta ábhartha don athchomhairliúchán sin.